2022.M106T

2022L568A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Ardleibhéal

## Dé Máirt 28 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:00

300 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**    Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 15 cheist | 50 marc |
| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair ceist **amháin** | 100 marc |

Freagair gach roinn.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.


**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair deich gcinn ar bith de na míreanna seo a leanas: **(a), (b), (c)… (o)**

**Ceist 1**


**(a)** Luaigh agus mínigh sampla **amháin** den bhealach a n-oibríonn an córas srianta agus ceartúcháin i ndaonlathas na hÉireann.



www.nytimes.com/2017/02/16/learning/lesson-plans/teaching-and-learning-about-governmental-checks-and-balances-and-the-trump-administration.html

**(b)** Déan **dhá** phointe maidir leis an gceart chun agóid shíochánta a dhéanamh mar bhealach chun a bheith páirteach sa pholaitíocht.

**(c)** Mínigh an teachtaireacht atá á léiriú sa chartún seo.
Cén smaointeoir tábhachtach a shamhlófá leis an tuairim sin?




Smaointeoir tábhachtach:

https://linusquotes.tumblr.com/post/172723651488/assata-shakur-from-assata-an-autobiography


**(d)** Mínigh go hachomair an fheidhm atá ag Córas na gCoistí Oireachtais i bpolaitíocht pharlaiminte na hÉireann.



www.oireachtas.ie/en/committees/

**(e)** Déan grinn-léirmheas ar an úsáid a bhaintear as cartúin mar uirlis sa chaint pholaitiúil.

**(f)** Sa phobalbhreith seo de chuid an Irish Times/IPSOS MRBI, fiafraíodh de vótálaithe an mbeidís ar son nó in aghaidh bearta áirithe chun an t-athrú aeráide a throid.
Cén teachtaireacht is féidir le Rialtas na hÉireann a thógáil as an bhfreagra ar an gceist ó thaobh cánacha níos airde ar fhuinneamh agus ar bhreosla?




https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/over-80-of-voters-oppose-higher-fuel-tax-to-tackle-climate-change-poll-1.4694330

**(g)** Ainmnigh samhail de rannpháirtíocht na hóige lasmuigh de thimpeallacht na scoile, a úsáideann eagraíochtaí nó rialtais chun guth na hóige a chur in iúl i bpróisis chinnteoireachta, agus déan cur síos uirthi.




Samhail den rannpháirtíocht:

www.coe.int/en/web/commissioner/-/boosting-child-and-youth-participation-from-voice-to-choice

**(h)** Déan grinn-léirmheas ar an tairbhe a bhaineann le pobalbhreitheanna.

**(i)** Mínigh tábhacht na ceannlíne seo in *The Guardian* faoi géarchéim na haeráide.





**Ceart daonna is ea timpeallacht ghlan, a aontaíonn comhairle na NA**

**Ceapann an chomhairle um chearta an duine rapóirtéir speisialta freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag géarchéim na haeráide ar chearta**

www.theguardian.com/world/2021/oct/08/clean-environment-is-a-human-right-un-council-agrees

**(j)** Cén fheidhm atá ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh?


**(k)** 


Déan measúnú criticiúil ar an íomhá seo i gcomhthéacs an tionchair dhomhanda atá ag eagraíochtaí fornáisiúnta.

www.gisreportsonline.com/supranational-bodies-and-the-lack-of-democratic-accountability,politics,3530.html

**(l)** Déan cur síos ar an modh roghnaithe a úsáideann feidhmeannas comhroinnte na cumhachta i dTuaisceart Éireann chun CTRanna (Comhaltaí den Tionól Reachtach) a cheapadh i róil airí.

**(m)** Déan measúnú criticiúil ar an íomhá seo i gcomhthéacs na cumhachta agus an tionchair atá ag na meáin shóisialta, agus an chumhacht agus an tionchar sin ag fás.




| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

www.cagle.com/brian-adcock/2014/04/earth-selfie

**(n)** Cad é an cuspóir atá le páirtí polaitíochta?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(o)** Ainmnigh tír neamhdhaonlathach **amháin** agus mínigh go hachomair conas a dhéantar í a rialú.

| |
|---|
| Ainm na tíre: |
| |
| |
| |
| |

| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Freagair sa spás atá ar fáil.

**Doiciméad A: Cás-staidéir - sleachta:** *Mo thaithí ar an gcinedheighilt in Éirinn* le Mary Adekoya a tógadh as suíomh gréasáin Spunout agus *Cárb as thú i ndáiríre?': Ag fás suas mar dhuine dubh in Éirinn* as *The Irish Times* (2020) le Tamilore Awonusi.


## Mo thaithí ar an gCinedheighilt in Éirinn




**Mary Adekoya**. Tá an dubh go hálainn. Tá an oiread sin nithe iontacha ag baint le bheith dubh, mar shampla na cultúir éagsúla atá againn. Mar sin féin, i sochaí an lae inniu tá roinnt nithe diúltacha ag baint leis. Gach duine a bheith ag stánadh ort nuair a luaitear ábhar na sclábhaíochta sa rang, cuir i gcás. An tochailt dhomhain atá ort a dhéanamh chun teacht ar do stair féin mar nach múintear duit ar scoil ach gur as an mbochtaineacht agus as an ngorta a d'eascair tú cé go bhfuil mórgacht ag baint lenár stair. Fios a bheith agat nuair a fheiceann tú seó teilifíse agus gur daoine dubha iad formhór na n-aisteoirí ann, go mbíonn an scéal bunaithe ar dhronganna nó ar dhrugaí an t-am ar fad nach mór. Más duine dubh thú, nach mór duit do phearsantacht a mhaolú ionas nach gceapfar gur duine ardghlórach nó duine as an ngeiteo thú. Fios a bheith agat go gcaithfidh tú oibriú dhá uair níos crua chun cothrom na Féinne a fháil.

De bharr ar tharla le déanaí i Meiriceá, tá daoine ag caint anois faoin gciníochas agus faoi phribhléid na ndaoine geala inár dtír féin. Má chreideann tú nach bhfuil aon chiníochas in Éirinn, caithfidh sé nach bhfuil taithí agat féin air nó nár thug tú faoi deara é. Tá an ciníochas éighníomhach agus an mhion-ionsaitheacht beo bríomhar anseo. Is rudaí beaga atá i gceist amhail daoine ag leagan láimhe ar mo chuid gruaige gan mo chead, nó fiú ag leagan láimhe uirthi in aon chor, mar go bhfuil sí thar a bheith "catach agus bog". Dá mbéarfainn greim ar phónaí duine mar go raibh cuma lonrach air cheapfadh gach duine go ndearna mé rud mícheart. Ach nuair a thagann fearg orm ceaptar go bhfuilim trodach nó ag dul i bhfad scéil leis. Sampla eile is ea daoine a bheith ag fiafraí díom cár rugadh mé agus nuair a deirim leo gur rugadh anseo mé fiafraíonn siad díom cárb as mé 'i ndáiríre'. Ní rialaíonn dath mo chraicinn mo náisiúntacht. Tá mórán daoine ann nach dtuigeann gur féidir leat an dá thrá a fhreastal ag an am céanna.


## 'Cárb as thú *i ndáiríre*?': Ag fás suas mar dhuine dubh in Éirinn



**Tamilore Awonusi**
"Cárb as thú i ndáiríre?"
"Ní cosúil gur as an áit seo thú."
"Labhraíonn tú cosúil le hÉireannach."
Tá an-chleachtadh agamsa, agus ag mórán daoine dubha eile in Éirinn ar na frásaí sin, ar frásaí iad a leagann síos tagarmharc don chiníochas réchúiseach. Tagraítear dóibh uaireanta mar eachtraí "mionionsaitheachta" agus ar an gcéad amharc is cosúil go bhfuil siad neamhbheartaithe agus neamhurchóideach, ach léiríonn siad easpa feasachta ar an gciníochas, agus mífhaisnéis ina thaobh.



Deir **Kevin Garry**, feidhmeannach cuntasaíochta 27 bliain d'aois as Baile Átha Cliath a oibríonn i Londain anois, gur gá do chuid Éireannachais a chruthú de shíor, go mbíonn steiréitíopáil ar siúl i gcónaí. "Is Éireannaigh den chéad ghlúin mórán de na daoine óga dubha mar mé féin – na chéad daoine inár dteaghlaigh a rugadh agus a tógadh anseo. Ag pointe éigin nach bhfuil i bhfad uainn, beidh ár gcuid páistí dubha Éireannacha féin againn. Nuair a fhiafrófar díobh cárb as iad, táim ag iarraidh go mbeadh mo pháistí ábalta a rá gur as Éirinn iad, agus nach gceisteofar é sin."




Deir **Azeez Saeed**, bainisteoir imeachtaí atá 25 bliain d'aois, nach mbíonn súil ag daoine go mbeadh post cumhachtach ag fear dubh. "D'eagraigh mé imeachtaí agus ansin, daoine nach den chine dubh iad a bheadh ag freastal orthu, is minic a ghlacfaidís leis go raibh post suarach éigin agam, agus iad ag labhairt síos liom nó ag déanamh beag is fiú díom, nó go bhfuair siad amach ina dhiaidh gur mise a bhí ag eagrú an imeachta." Deir sé nach mór dúinn dul i mbun oibre chun fáil réidh leis na tógáin dhiúltacha shóisialta a bhaineann le cine agus is é an t-aon bhealach leis sin a dhéanamh ná go nglacfadh daoine nach den chine dubh iad seasamh. "Ní hiad na daoine a fhéachann cosúil leat amháin a chaithfidh troid ar do shon."

www.irishtimes.com/life-and-style/health-family/where-are-you-really-from-growing-up-black-in-ireland-1.4286509 - Curtha in oiriúint

**Doiciméad B:** *Reports of racism in Ireland: Data from iReport.ie*. – Tuarascáil Bhliantúil 2020, An Líonra Éireannach i gCoinne an Chiníochais (INAR) a scríobh an Dr Lucy Michael (2021).

Bailítear na sonraí san iReport ón eolas a chuireann siad seo a leanas isteach: daoine a d’fhulaing ciníochas; eagraíochtaí atá ar an líne thosaigh i gcoinne an chiníochais; ceardchumainn agus eagraíochtaí eile atá tiomanta don chomhrac i gcoinne an chiníochais; agus an pobal i gcoitinne. Úsáidtear iReport.ie, córas ar líne chun ciníochas a thuairisciú, ar féidir é a aimsiú ag www.iReport.ie.

Dearadh an córas tuairiscithe ionas go gcuimseodh sé gach pobal a oiread agus is féidir, agus déantar iarracht mórán de na constaicí a bhaineann leis an tuairisciú a shárú. Chun na constaicí sin a shárú, dearbhaíonn foirm thuairiscithe iReport.ie rúndacht, tá sí gearr agus éasca a úsáid, tá sí scríofa i mBéarla soiléir, agus is féidir í a líonadh isteach gan ainm a chur léi, más mian leis an duine sin a dhéanamh.




www.inar.ie – Curtha in oiriúnt

**(a)** Déan trácht ar an sainmhíniú ar eachtra chiníoch ar ghlac INAR leis i nDoiciméad B.

**(b)** Déan cur síos ar na buntáistí atá leis an gcóras féintuairiscithe faoi mar a úsáidtear é chun sonraí a bhailiú agus tuairisciú a dhéanamh i nDoiciméad B.

**(c)** Déan grinn-léirmheas ar úsáid cás-staidéar mar mhodheolaíocht taighde faoi mar a úsáidtear iad i nDoiciméad A.

**(d)** Déan measúnú ar thábhacht na sonraí sa dá dhoiciméad do lucht déanta polasaí agus cinntí.

**(e)** Déan trácht ar an easpa feasachta ar an gciníochas agus ar mhífhaisnéis ina thaobh a bheith nó gan a bheith mar chúis leis an gciníochas éighníomhach/réchúiseach i nDoiciméad A.

**(f)** Ag tarraingt duit ar an bhfianaise sa dá dhoiciméad, cén chonclúid a bhainfeá amach maidir le tionchair an chiníochais ar íospartaigh?

**(g)** Bunaithe ar an bhfianaise a chuirtear i láthair sa dá dhoiciméad agus i gceisteanna an Daonáirimh thíos, cad iad na conclúidí ar féidir teacht orthu faoi chineál na féiniúlachta Éireannaí?



**11 Cén grúpa eitneach nó cultúr lena mbaineann tú?**

*Roghnaigh rannóg AMHÁIN ó A go D, cuir sa bhosca cuí ansin*


**A Cine Geal**
1 Éireannach
2 Ball de Lucht Taistil na hÉireann
3 Roma
4 Aon chúlra Geal eile

**B Cine Gorm nó Éireannach Gorm**
5 Afraiceach
6 Aon chúlra Gorm eile

**C Áiseach nó Áiseach Éireannach**
7 Síneach
8 Indiach/Pacastánach/Banglaidéiseach
9 Aon chúlra Aiseach eile

**A Eile, grúpa/cúlra measctha san áireamh**
10 Arabach
11 Measctha, sonraigh
12 Eile, sonraigh

**DAONÁIREAMH**
**3 AIBREÁN 2022**



**12 Cén creideamh atá agat, má tá ?**

*Roghnaigh rannóg AMHÁIN*

1 Níl aon chreideamh
2 Caitliceach Rómhánach
3 Eaglais na hÉireann
4 Ioslamachas
5 Críostaí Ceartchreidmheach
6 Preispitéireach
7 Eile, sonraigh do CHREIDEAMH

Ceisteanna ó Dhaonáireamh 2022: www.census.ie

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

## Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 100 marc

**Freagair ceist amháin as 3, 4, 5, 6 agus 7.**

**Ceist 3(a)** **(100 marc)**



https://eastwestclash.wordpress.com/tag/the-clash-of-civilizations/

**Is í teoiric 'na coimhlinte idir shibhialtachtaí' is fearr a chuireann síos ar staid reatha an domhain. Pléigh é sin.**

[Bíodh tagairt agat i do fhreagra do thuairimí Samuel Huntington agus do thuairimí teoiricí eile de do rogha féin. Ba cheart freisin samplaí agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint.]


**NÓ**

**Ceist 3(b)** **(100 marc)**

**Cé chomh huilíoch agus atá Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR)? Pléigh é sin.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiricithe agus ní mór duine amháin acu ar a laghad a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 4** **(100 marc)**




https://cosmosmagazine.com/earth/sustainability/climate-finance-cop26/

Ar cheann de na príomhthorthaí a bhí ar COP26 in 2021 bhí an gealltanas go dtabharfadh tíortha saibhre airgead do thíortha bochta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le géarchéim na haeráide.

**Déan measúnú criticiúil ar na gealltanais seo mar bheart a thugann aghaidh ar an bhforbairt inbhuanaithe i gcomhthéacs ghéarchéim na haeráide atá roimh an domhan sa lá atá inniu ann.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiricithe ar a laghad agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa **agus/nó** tagairt a dhéanamh do dhá chomhaontú/eagraíocht idirnáisiúnta ábhartha nó níos mó (e.g. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Comhaontú Aeráide Pháras 2016, An Banc Domhanda, etc.]

**Ceist 5** **(100 marc)**



"Is teip Stáit agus sárú ar chearta daonna bunúsacha na saoránach is leochailí de chuid Stát na hÉireann - a chuid páistí - an líon ard páistí atá á bhfágáil gan dídean in Éirinn sa lá atá inniu ann."

Foinse: *The Irish Examiner*, Deireadh Fómhair 2021, leis an Dr Rory Hearne.


**Déan measúnú criticiúil ar an ráiteas thuas i dtaca le cearta páistí in Éirinn.**

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs náisiúnta i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiricithe ar a laghad agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 6** **(100 marc)**

**I gcomhthéacs thorthaí an tsuirbhé seo de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) agus theoiricí Sylvia Walby, déan measúnú ar cé acu an patrarcacht í sochaí chomhaimseartha na hÉireann nó nach ea.**

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs náisiúnta i do fhreagra chun tacú le d'argóint.]



www.cso.ie

**Ceist 7** **(100 marc)**

**Déan measúnú criticiúil ar a bhfuil i gceist nuair a dhéanann ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE) comhaontú maidir le cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a fheidhmiú.**

[Ba cheart go mbeadh samplaí agus fianaise chomhaimseartha i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do chonarthaí/coinbhinsiúin/comhaontuithe/cairteacha ábhartha **agus/nó** do thuairimí beirt teoiricithe ar a laghad agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 28 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00